

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Mongin, M. Brauhoff agus L. Radu Bouyon, i gcáil Gníomhairí)

Idiragraithe ag tacú leis an gCosantóir: Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: J. Van Pottelberge agus M. Windisch, i gcáil Gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Bauer agus I. Demoulin, i gcáil Gníomhairí)

Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt, go bunúsach, ar bhonn príomha, sa chéad áit, neamhniú a dhéanamh ar chinneadh an 24 Feabhra 2022 ón gCoimisiún Eorpach lenar diúltaíodh dá gearán sa mhéid go mbaineann sé le neamhniú fhógra an 13 Eanáir 2017 maidir lena cearta pinsin scoir a chinneadh agus, sa dara háit, a cás a aistriú chuig an údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta an Choimisiúin a thabhairt i gcrích d'fhonn an méid atá le haisíoc dó a chinneadh agus, de rogha ar an méid sin, a ordú don Choimisiún EUR 55 401,07 a íoc mar gheall ar shaibhriú éagórach.

An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean toisc toisc í a bheith doghlactha go follasach.
2. Ordaítear do Christiane Kremer a costais féin a íoc chomh maith le costais an Choimisiúin.
3. Ordaítear do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh a gcuid costas féin a íoc.

(¹) IO C 158, 11.4.2022.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Nollaig 2022 – Baert v an Coimisiún

(Cás T-111/22) (¹)

(Seirbhís shibhialta – Pinsean scoir – Cearta pinsin a fuarthas roimh dhul isteach i seirbhís an Aontais Eorpaigh – Aistriú chuig scéim AE – Blianta breise de sheirbhís inphinsin a chreidiúnú – Caingean le haghaidh neamhniú – Iarratas ar aisíocaíocht an chaipitil aistrithe nach bhfuil blianta breise sochair tagtha chun cinn dá bharr – Teorainn ama chun gearán a dhéanamh – Saibhriú éagórach – Do-ghlacthacht fhollasach)

(2023/C 63/67)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Rhonny Baert (Deinze, an Bheilg) (ionadaithe: D. Grisay agus A. Ansay, Dlíodóirí)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Mongin, M. Brauhoff agus L. Radu Bouyon, Gníomhairí)

Idiragraithe chun tacú leis na cosantóirí: Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: J. Van Pottelberge agus M. Windisch, Gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Bauer agus I. Demoulin, Gníomhairí)

Ábhar

Trína chaingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, go príomha, ar an gcéad dul síos, an cinneadh intuigthe líomhnaithe ón gCoimisiún Eorpach an 28 Feabhra 2022 ag diúltú dá ghearán a mhéid is go mbaineann sé le neamhniú fhógra an 21 Nollaig 2016 maidir le cinneadh a cheart pinsin scoir a chur ar neamhní agus, ar an dara dul síos, a chás a tharchur chuig údarás ceapacháin an Choimisiúin chun an méid a bheidh le haisíoc leis a chinneadh agus, mar mhalairt air sin, a ordú don Choimisiún suim EUR 31 066,80 a íoc, ar fhoras an tsaibhrithe éagóraigh lena mbaineann.

An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean as í a bheith do-ghlactha go follasach.
2. Ordaítear don Uasal Rhonny Baert a chostais féin agus costais an Choimisiúin Eorpaigh a íoc.

3. Íocfaidh Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh a gcostas féin.

⁽¹⁾ IO C 158, 11.4.2022.

Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 24 Samhain 2022 – Belavia v an Chomhairle

(Cás T-116/22 R)

(Bearta idirlinne – An Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne)

(2023/C 63/68)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Belavia – Belarusian Airlines AAT (Mionsc, an Bhealarúis) (ionadaithe: N. Tuominen agus L. Engelen, Dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Boggio-Tomasaz agus A. Antoniadis, i gcáil Gníomhairí)

Ábhar

Lena iarratas atá bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, go gcuirfí ar fionraí forghníomhú Chinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/2125 ón gComhairle an 2 Nollaig 2021, lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO 2021, L 430 I, lch. 16), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2124 ón gComhairle, an 2 Nollaig 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil leis an mBealarúis (IO 2021, L 430 I, lch. 1), a mhéid a bhaineann siad leis an iarratasóir.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta idirlinne.
- 2) Forchoimeádtar na costais.

Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Nollaig 2022 – Suicha v EUIPO – Michael Kors (Switzerland) International (“MK MARKTOMI MARKTOMI”)

(Cás T-264/22) ⁽¹⁾

(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “MK MARKTOMI MARKTOMI” – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh “MK MICHAEL KORS” roimhe seo – Foras coibhneasta le neamhbhailíocht – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) agus Airteagal 60(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1001 – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach)

(2023/C 63/69)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Lin Suicha (Wenxi, an tSín) (ionadaí: J. Donoso Romero, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: D. Gája agus I. Stoycheva, i gcáil Gníomhairí)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta: Michael Kors (Switzerland) International GmbH (Manno, an Eilvéis) (ionadaithe: J. van Manen, E. van Gelderen agus L. Fresco, Dlíodóirí)